# Ollsoláthar Seirbhís Nuachta do Dhaoine Óga

# 2026 - 2028

# An dáta deiridh d'iarratais: 17:00 an 26 Bealtaine 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Cuireann TG4 fáilte roimh comhlachtaí léirithe a mbeadh suim acu seirbhís Nuachta a léiriú do dhaoine Óga le craoladh ar Cúla4.
Tá seirbhís nuachta á lorg do 36 seachtaine sa bhliain. Is ceithre eagrán sa tseachtain atá á lorg móide ábhair bhreise do na meáin ilardáin.

Is sraith é de chláracha nuachta rialta a bheidh i gceist a thabharfaidh léargas do dhaoine óga ar scéalta Nuachta reatha, agus ina mbeadh béim an nuacht a bheith in oiriúint do dhaoine óga agus do phobal labharta na Gaeilge sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre.

Sraith reatha a bheidh ann ina mbeadh daoine óga na tíre lárnach sna scéalta. Tá sé mar fheidhm ag TG4 go gcuirfeadh an tsraith nuachta le scileanna liteartha sna meáin, scileanna tuisceana agus breithniú ar eolas i bpáistí a fhéachann ar na sraith.

Mar aon leis sin, bheadh míreanna breise á chur ar fáil do na meáin ilardáin lena náirítear na meáin shóisialta, podchraoltaí, YouTube agus eile. Bheadh spéis ag TG4 ceangail a dhéanamh in amanta leis an seirbhís seo agus an tseirbhís nuachta digiteach atá le bunú ag TG4 ag deireadh na bliana.

**Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh in iarratais:**

- Achoimre ghearr
- Cur chuige eagarthóireachta agus nuachta don tsraith
- Cur chuige léiriúcháin agus oibríochta don soláthar
- Breac-chuntas ar an tuin agus ar stíl fhísiúil an tionscadail
- Foireann molta
- Fobairt oiliúna agus foirne
- Scéalta samplacha
- Buiséad léiriúcháin (ní mór teimpléad buiséid TG4 a úsáid)
- **An chéad am craolta:** Bloc Cúla4 / Ar Líne
- **Formáid:** 4 x 6 nóim sa tseachtain móide míreanna ilardáin
- **Lucht Féachana:** Páistí / Croí-lucht féachana 7-13 bliain
- **Luach:** €700,000 uasmhéid sa bhliain

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ina dhiaidh sin ba chóir iarratais a uaslódáil roimh an spriocdháta trí '**Ollsoláthar Nuacht Cúla4 2026 - 2028**' a roghnú ón roghchlár anuas.

Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh atá tugtha caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Dáithí De Mórtha daithi.demordha@tg4.ie

*Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha.*

*Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

Beidh cearta saoil trasardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

Beidh feidhm ag clásal scoir bliantúil agus féadfar é a ghníomhachtú roimh an 1 Samhain gach bliain.

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*